Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10784 – BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 271/13)

1. An 6 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bain Capital Investors L.L.C. ("Bain Capital", na Stáit Aontaithe),

— Baring Private Equity Asia ("BPEA", Hong Cong agus Singeapór),

— CitiusTech Healthcare B.V. ("CitiusTech", an Ísiltír), lena n-áirítear a fhochuideachta CitiusTech Healthcare Technology Private Limited agus a fhochuideachtaí ("CT India") (ar a dtugtar an "Sprioc" le chéile).

Gheobhaidh Bain Capital agus BPEA comhrialú ar an Sprioc de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc (an "tIdirbheart").

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Bain Capital: gnólacht infheistíochta i gcothromas príobháideach a dhéanann infheistíochtaí i gcuideachtaí i roinnt tionscal, amhail teicneolaíocht na faisnéise, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltóirí, cumarsáid, seirbhísí airgeadais agus an earnáil tionsclaíochta/monaraíochta,

— i gcás BPEA: gnólacht Pan-Áiseach a oibríonn i margaí príobháideacha. Bainistíonn grúpa BPEA clár infheistíochta cothromais phríobháidigh, clár a dhéanann urraíocht ar cheannaigh thar barr amach agus a sholáthraíonn caipiteal fáis do chuideachtaí le haghaidh leathnaithe nó éadálacha agus béim ar leith á cur ar réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, chomh maith le cistí tiomnaithe atá dírithe ar réadmhaoin phríobháideach agus creidmheas príobháideach,

— i gcas na Sprice: is cuideachta sealbhaíochta a bhfuil leas thart ar 80 % aici in CT India, ar soláthraí réiteach agus seirbhísí teicneolaíochta cúraim sláinte atá bunaithe san India. Soláthraíonn CT India innealtóireacht bogearraí, seirbhísí gairmiúla, tástáil uathoibrithe dearbhúcháin cáilíochta, sainchomhairleoireacht teicneolaíochta, anailísíocht/faisnéis gnó, agus seirbhísí seachfhoinsithe gnó agus próisis i réimse an chúraim sláinte.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10784 – BAIN CAPITAL / BPEA / CITIUSTECH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË